

Roghanna Breisoideachais agus Oiliúna
(FET) do Lucht Fágála Scoile:

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)

–
#CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall

#CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board

► Cad é do chéad chéim eile?

An bhfuil tú ar tí an scoil a fhágáil nó ar fhág tú le déanaí agus an bhfuil tú ag smaoineamh ar na roghanna atá agat?

Ar smaoinigh tú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint **(FET)** riamh? An raibh a fhios agat go gcuireann ETB Dhún na nGall, mar an soláthraí **FET** is mó i gCo. Dhún na nGall, réimse cuimsitheach roghanna ar fáil do dhaoine ar leac an dorais?

Más mian leat airgead a thuilleamh agus tú ag foghlaim nó bogadh go gasta i dtreo na fostaíochta nó má tá cuidiú de dhíth ort le háit a fháil ar chúrsa tríú leibhéal le cáilíochtaí a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, b'fhiú duit smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar phrintíseacht, **ar Chúrsa Iar-Ardteistiméireachta (PLC)**, ar chúrsa i saincileanna nó ar chúrsa oiliúna.


Tá eolas mionsonraithe maidir le PLCanna le fáil sa bhróisiúr seo.

► 10 gCúis le Staidéar Linn



TÁILLÍ ÍSLE NÓ SAOR Ó THÁILLÍ

Bealach chun cinn chuig Fostaíocht agus/nó chuig Cúrsaí Céime in Institiúidí Tríú Leibhéal



FOGHLAIM SHOLÚBTHA DON MHARGADH FOSTAÍOCHTA ATÁ AG ATHRÚ




GAIRMTHREOIR



TUILL AIRGEAD AGUS TÚ AG FOGHLAIM

**R A N G
A N N A**
B E A G A




IS FÉIDIR LEAT RÉIMSE TEASTAS NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA A BHAINT AMACH



DÉANTAR FREASTAL AR MHC LÉINN DE GACH AOIS

RAON RÉIMSÍ FOGHLAMA



FOIREANN OILTE, THIOMANTA A BHFUIL TAITHÍ ACU

► Cad is PLC ann?

Is cúrsaí bliana lánaimseartha iad PLCanna a chuireann meascán d'obair phraiticiúil, d'obair acadúil agus de thaithí oibre ar fáil. Is bealaí dul chun cinn iontacha iad ón Ardteistiméireacht dóibh siúd ar mian leo bliain bhreise staidéir a dhéanamh ar shainréimse gairme agus do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas. Glacann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta cur chuige comhtháite, ag díriú ar eolas teicniúil, ar chroíscileanna agus ar thaithí oibre. Caitear beagnach leath den am ar PLC ar eolas agus ar oiliúint i scileanna a bhaineann le fostaíocht, agus caitear an ceathrú cuid eile (lá amháin sa tseachtain le linn an chúrsa) ar thaithí ábhartha obairbhunaithe. Ullmhaíonn PLCanna mic léinn le haghaidh fostaíocht bunleibhéil nó le dul ar aghaidh chun staidéar breise a dhéanamh.

Tá comhaontú comhpháirtíochta ag ETB Dhún na nGall le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Campas Leitir Ceanainn) a chuireann deiseanna dul chun cinn ar fáil ó cháilíochtaí QQI Leibhéal 5 go roinnt clár fochéime.

Cuireann ETB Dhún na nGall cúrsaí PLC ar fáil ag QQI Leibhéal 5 sna réimsí seo a leanas:

- Cúram Ainmhithe - 5M2768
- Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh - 5M1984
- Riarachán Gnó - 5M2468
- Staidéar Gnó - 5M2102
- Teicneolaíocht Foirgníochta - 5M5010
- Cúram & Oideachas na Luath-Óige - 5M2009
- Scileanna na Seirbhíse Sláinte - 5M3782
- Staidéar Altranais - 5M4349
- Spórt, Áineas & Aclaíocht - 5M5146

Cad chuige ar cheart dom smaoineamh ar PLC a dhéanamh?

- Dearadh PLCanna mar chéim i dtreo fostaíocht oilte agus, dá bhri sin, tá dlúthnasc acu le hearnáil na tionsclaíochta agus lena cuid riachtanas. Is rogha é dul ar aghaidh chuig ardoideachas fosta; tá na rátaí dul chun cinn is airde chuig an ardoideachas sa tír ag mic léinn PLC ETB Dhún na nGall.¹

Cá mhéad a chosnaíonn sé PLC a dhéanamh?

- Baineann táille chlárúcháin de €100 le gach mac léinn. Caithfidh daoine nach bhfuil cárta leighis acu táille Scrúdaithe QQI de €50 a íoc fosta.

D'fhéadfadh mic léinn PLC a bheith incháilithe le haghaidh Deontas Cothabhála SUSI agus ba cheart dóibh seiceáil ar <https://susi.ie/eligibility/plc-student/> le tuilleadh eolais a fháil.

Cá háit ar féidir liom PLC a dhéanamh?

- Cuireann Seirbhís **FET** ETB Dhún na nGall PLCanna ar fáil i dtrí shuíomh - Na Cealla Beaga (Gairmscoil Chaitriona), Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail) agus Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne).

Cén uair is féidir liom iarratas a dhéanamh ar PLC?

- Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar PLC ag am ar bith ó mhí na Samhna gach bliain le tosú i Meán Fómhair na bliana ina diaidh sin. Is féidir leat iarratas a dhéanamh fríd an scoil, ar líne trí www.donegal.etb.ie/further-education-training/course-finder/ nó fríd an CAO - www.cao.ie.

¹DES, ETBI, HEA, IUA, QQI, SOLAS, THEA, Transitions Reform Sub-Group – Further Education and Training (FET) Progression to Higher Education (HE) Working Paper, Márta 2020 (Tábla 2: PLC Progression to HE 2017 by ETB and HEI, p.11).

► Cúram Ainmhithe

Tá an cúrsa seo deartha chun deis a thabhairt do mhic léinn an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fháil ionas go mbeidh siad ábalta oibriú go neamhspleách, agus faoi mhaoriseacht, i réimse comhthéacsanna cúraim tréidliachta/ainmhithe agus/nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas agus oiliúint go háirithe i réimse an altranaís tréidliachta. Déanfaidh mic léinn staidéar ar réimsí lánacha de Chúram Sláinte Ainmhithe. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa seo go dtí an tríú leibhéal fríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tá féidearthacht ann fosta socrúchán oibre Erasmus+ a dhéanamh.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Anatamaíocht agus Fiseolaíocht Ainmhithe - 5N0750
- Grúmaeireacht Ainmhithe - 5N0752
- Leas Ainmhithe - 5N0753
- Bitheolaíocht - 5N2746
- Scileanna Riaracháin Gnó - 5N1610
- Cumarsáid - 5N0690
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair - 5N1794
- Taithí Oibre - 5N1356

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Cúram Ainmhithe (5M2768)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

Tá an cúrsa bliana lánaimseartha seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo punann iontach, cruthaitheach agus iomaíoch a chur le chéile sna réimsí éagsúla .i. Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh. Tá béim láidir ar roinnt mhaith cleachtas ealaíne, mar shampla, péintéireacht, líníocht, dealbhóireacht agus dearadh. Beidh spéis ag mic léinn sa chúrsa seo más mian leo post a fháil nó staidéar breise a dhéanamh sa réimse sin. Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal fríd an CAO agus/nó Scéim na Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa seo agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid. Beidh seans ag mic léinn socrúchán oibre Erasmus+ a dhéanamh fosta.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Cumarsáid - 5N0690
- Scileanna Deartha - 5N0784
- Líníocht - 5N1862
- Péinteáil - 5N1302
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair - 5N1794
- Dealbhóireacht - 5N1918
- Taithí Oibre - 5N1356
- Deileadh Adhmaid - 5N1359

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú. hinder your work placement approval.

Teideal an Chúrsa:

Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh (5M1984)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Riarachán Gnó

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo post maith a fháil i réimse an riaracháin. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa agus leagtar béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta nó le dul ar aghaidh agus staidéar breise a dhéanamh. Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal fríd an CAO agus/nó Scéim na Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa seo agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Trascríobh Fuaim - 5N1549
- Leabharchoimeád de Láimh agus Ríomhairithe - 5N1354
- Scileanna Riaracháin Gnó - 5N1610
- Cumarsáid - 5N0690
- Seirbhís do Chustaiméirí - 5N0972
- Táirgeadh Téacs - 5N1422
- Próiseáil Focal - 5N1358
- Taithí Oibre - 5N1356

***D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne agus cuirfear agallamh ar iarratasóirí (sa chás go gcuirfidh barraíocht daoine isteach ar an chúrsa).

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Riarachán Gnó (5M2468)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Srath an Urláir
(Coláiste Ghleann na Finne)

Entry Requirements

Riachtanais Iontrála:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Staidéar Gnó

Tá an cúrsa seo ann do mhic léinn ar spéis leo slí bheatha spreagúil a bheith acu i saol an ghnó. Tá sé mar aidhm aige mic léinn a chur ar an eolas faoi shaol an ghnó, na fiontraíochta agus teicneolaíochta an airgeadais agus scileanna praiticiúla riaracháin, margaíochta, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus oifige a fhorbairt, scileanna riachtanacha i saol an ghnó nua-aimseartha. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa le béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta sa réimse seo nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa sin go dtí an tríú leibhéal tríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tá féidearthacht ann fosta socrúchán oibre Erasmus+ a dhéanamh.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Scileanna Riaracháin Gnó - 5N1610
- Cumarsáid - 5N0690
- Córais Faisnéise & Chumarsáide - 5N1952
- Cleachtas Margaíochta - 5N1400
- Prionsabail Ríomhchlárúcháin agus Deartha - 5N2927
- Spáinnis - 5N1630
- Táirgeadh Téacs - 5N1422
- Taithí Oibre - 5N1356
- Próiseáil Focal - 5N1358

***D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Staidéar Gnó (5M2102)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Teicneolaíocht Foirgníochta

á an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo gairm a thosú i dtionscal na tógála. Soláthraíonn sé bunús leathan do mhic léinn chun sainspéiseanna a fhorbairt sna réimsí a bhaineann le dearadh tógála nó fuinneamh in-athnuaite. Má éiríonn le mic léinn an cúrsa sin a chríochnú, beidh siad ábalta dul le gairm sa réimse sin nó dul ar aghaidh le staidéar breise a dhéanamh sa réimse sin lena n-áirítear iarratas a dhéanamh ar chlár printíseachta. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa sin go dtí an tríú leibhéal fríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tá féidearthacht ann fosta socrúchán oibre Erasmus + a dhéanamh.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Foirgníocht - 5N1570
- Ábhair Chomhcheangailte - 5N0764
- Cumarsáid - 5N0690
- Scileanna Deartha - 5N0784
- Próisis Ceardlainne Innealtóireachta - 5N1608
- Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair - 5N1794
- Taithí Oibre - 5N1356

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin**

Beidh an ceanglas dlíthiúil maidir leis an Phas Shábháilte do thionscal na tógála ina pháirt roghnach den chúrsa (ar chostas €120 don mhac léinn).

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do cheadú socrúcháin oibre.

Teideal an Chúrsa:

Teicneolaíocht Tógála (5M5010)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht / an Ardeistiméireacht Fheidhmeach / Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachta ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► E Cúram agus Oideachas na Luath-Óige

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo oibriú i réimse suíomhanna Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa le béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta sa réimse sin nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa seo go dtí an tríú leibhéal tríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna a d'fhoghlaim siad ar an chúrsa a úsáid.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Forbairt Leanaí - 5N1764
- Sláinte & Folláine Leanaí - 5N1765
- Páistí faoi Riachtanais Bhreise - 5N2396
- Cumarsáid - 5N0690
- Cleachtas Cúraim & Oideachais na Luath-Óige - 5N1770
- Oideachas & Súgradh na Luath-Óige - 5N1773
- Cothú - 5N2006 (Coláiste an Eargail)
- Taithí Oibre - 5N1356
- Próiseáil Focal - 5N1358 (Coláiste Ghleann na Finne)

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir le daoine cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne agus beidh agallamh le déanamh fosta (Coláiste an Eargail amháin; Coláiste Ghleann na Finne sa chás go gcuirfidh barraíocht daoine isteach ar an chúrsa).

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Cúram & Oideachas na Luath-Óige (5M2009)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail), Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/ Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Scileanna Seirbhíse Sláinte

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo oibriú i réimse suíomhanna Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige. De thairbhe go bhfuil an daonra ag dul in aois agus tá dul chun cinn agus forbairt déanta i seirbhísí cúraim sláinte in Éirinn, táthar ag súil go bhfásfaidh an t-éileamh ar phearsanra atá oilte agus inniúil sna blianta amach romhainn. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa le béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta sa réimse sin nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa seo go dtí an tríú leibhéal tríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna a d'fhoghlaim siad ar an chúrsa a úsáid.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Anatamaíocht & Fiseolaíocht - 5N0749
- Cúram an Duine Bhreacaosta - 5N2706
- Scileanna Cúraim - 5N2770
- Tacaíocht Chúraim - 5N0758
- Cumarsáid - 5N0690
- Fás & Forbairt an Duine - 5N1279
- Cosc & Rialú Ionfhabhtuithe - 5N3734
- Teoiric & Cleachtas Altranais - 5N4325
- Taithí Oibre - 5N1356

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Scileanna Seirbhíse Sláinte (5M3782)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag teacht ar chlár Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Staidéar Altranais

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo oibriú i réimse suíomhanna ospidéal agus cúraim sláinte. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa le béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta sa réimse sin nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus/nó ardoideachas. Is féidir le céimithe dul ar aghaidh ón chúrsa seo go dtí an tríú leibhéal tríd an CAO agus/nó an Scéim Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar chuid riachtanach den chúrsa agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna a d'fhoghlaim siad ar an chúrsa a úsáid.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Anatamaíocht agus Fiseolaíocht - 5N0749
- Cúram an Duine Bhreacaosta - 5N2706
- Scileanna Cúraim - 5N2770
- Cumarsáid - 5N0690
- Fás agus Forbairt an Duine - 5N1279
- Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe - 5N3734
- Teoiric agus Cleachtas Altranais - 5N4325
- Taithí Oibre - 5N1356

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Staidéar Altranais (5M4349)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail),
Na Cealla Beaga (Gairmscoil Chaitriona)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin.

► Spóirt, Áineas agus Aclaíocht

Tá an cúrsa seo dírithe ar mhic léinn ar spéis leo oibriú i dtionscal na fóillíochta/spóirt. Tá fócas praiticiúil ag an chúrsa ar spóirt ar nós: cispheil, peil Ghaelach agus gníomhaíochtaí eachtraíochta. Leagtar béim ar chéimithe a ullmhú le haghaidh fostaíochta sa réimse sin nó le tabhairt faoi chúrsa breisoideachais nó ardoideachais. Is féidir le céimithe an chúrsa seo dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal fríd an CAO agus/nó Scéim na Nasc Ardoideachais ach dámhachtain iomlán a fháil. Tá taithí oibre mar pháirt riachtanach den chúrsa seo agus tugann sí an deis do mhic léinn an t-eolas agus na scileanna atá faighte acu ar an chúrsa a úsáid.

Déanfar mic léinn a mheas trí mheasúnú leanúnach, trí thaispeántais scileanna agus trí scrúduithe deireadh bliana.

Modúil*

- Cóitseáil Chispheile - 5N4888
- Aclaíocht & Corpacmhainn - 5N2668
- Cóitseáil sa Pheil Ghaelach - 5N5085
- Cothú - 5N2006
- Cóitseáil Sacair - 5N4887
- Staidéar sa Spóirt & Áineas - 5N2667
- Taithí Oibre - 5N1356
- Próiseáil Focal - 5N1358

*** D'fhéadfadh athrú a theacht ar na modúil sin.**

Is féidir cur isteach ar an chúrsa trí fhoirm iarratais a líonadh isteach nó iarratas a dhéanamh ar líne; beidh agallamh le déanamh fosta.

Rachaidh iarratasóirí rathúla faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun cead a fháil dul ar shocrúchán oibre agus iad ar na cúrsaí sin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh aon saincheisteanna a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána bac a chur ar do shocrúchán oibre a cheadú.

Teideal an Chúrsa:

Spóirt, Áineas & Aclaíocht (5M5146)

Dámhachtain Forais Cáiliúcháin:

QQI Leibhéal 5

Suíomh:

Srath an Urláir
(Coláiste Ghleann na Finne)

Riachtanais Iontrála:

Oideachas:

Ní mór d'iarratasóirí an Ardeistiméireacht/an Ardeistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdeistiméireachta nó QQI Leibhéal 4 a bheith críochnaithe acu go rathúil. De rogha air sin, ba cheart go mbeadh caighdeán eolais, scileanna agus inniúlachtaí ag iarratasóirí atá comhionann le NFQ Leibhéal 4 agus iad ag tabhairt faoi chlár ag Leibhéal 5.

Inniúlacht:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith spreagtha le foghlaim, ní mór spéis a bheith acu san ábhar agus ábalta an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa chúrsa a fhoghlaim.

Taithí roimhe seo:

Caithfidh iarratasóirí a bheith in ann réimse measartha eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann leis an chúrsa a léiriú, a bheith in ann oibriú go freagrach agus léiriú go bhfuil siad ábalta oibriú as a stuaim féin. own initiative.

Cad a deir ár gcuid mac léinn?

Mar chéimí de PLC Leibhéal 5 Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh chruthaigh mé punann fairsing oibre. Thug an cúrsa an deis dom mo chuid buanna féin a thriail agus a fhorbairt go healaíonta agus go pearsanta. Tá mé ag déanamh céime anois. Eispéireas é mo chúrsa PLC a chuir cor i mo shaol; níl deireadh leis na féidearthachtaí.

—
Stephanie McGowan,
iarmhac léinn PLC i gColáiste an Eargail;
lean sí ar aghaidh le BA sa Mhínealaín
a dhéanamh in Institiúid
Teicneolaíochta Shligigh

Chinn mé filleadh ar m'iar-mhéanscoil le tabhairt faoi chúrsa PLC ag Leibhéal 5 san Altranais. Ní raibh mé róthógtha leis an smaoineamh ag an tús dul ar ais, go háirithe de thairbhe go bhfuil mé i m'fhear lánfhasta i mo 30í anois. Mar sin féin, d'ullmhaigh an treoir agus an teagasc mé go hiomlán do thimpeallacht acadúil ar bith. D'éirigh liom dul ar aghaidh chuig cúrsa Altranais in LYIT agus chríochnaigh mé Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranais Síciatrach. Thug mo chúrsaí PLC sprioc shoiléir dom mar aon leis an diongbháilteacht chun an sprioc sin a bhaint amach. Mholfainn go mór do dhuine ar bith tabhairt faoi chlár PLC!

—
Nigel Harkin, iarmhac léinn PLC i gColáiste an Eargail; Altra Síciatrach, FSS, Leitir Ceanainn

Tháinig mé go Coláiste Ghleann na Finne le PLC i Riarachán Gnó (QQI Leibhéal 5) a dhéanamh. Bhí an scoil ina raibh mé roimhe sin ollmhór. Mar sin, ní raibh mé in ann an difear a chreidbheáil maidir leis an aird a tugadh dom go haonair. Tá muinín agus scileanna praiticiúla gnóthaithe agam. D'fhás mé go mór mar dhuine agus tá mé ag tnúth anois le bogadh ar aghaidh chuig coláiste tríú leibhéal leis an mhuinín atá faighte agam.

—
Maria Coyle,
mac léinn PLC Riarachán Gnó,
Coláiste Ghleann na Finne

Ag breathnú siar tá mé an-sásta gur roghnaigh mé an cúrsa PLC a dhéanamh i gColáiste Ghleann na Finne mar spreag sé mé le bheith rathúil in Institiúid 3ú leibhéal agus tá na scileanna a d'fhoghlaim mé i ndiaidh a bheith iontach úsáideach dom sa choláiste.

—
Shannon Kelly,
iarmhac léinn PLC i gColáiste Ghleann na Finne; Múinteoir i Scoil Mhuire,
Bun Cranncha

D'éirigh liomsa an cúrsa PLC Leibhéal 5 a chríochnú i Staidéar Gnó i gColáiste an Eargail agus tugadh gach tacaíocht agus spreagadh cuí dom chun mo lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Trí naisc a tugadh isteach le hinstiúidí seachtracha tríú leibhéal bhí mé in ann dul ar aghaidh chuig an Ardoideachas. Tríd an chóras aistrithe sin, agus leis na scileanna, an muinín agus an t-eolas uilig a fuair mé tá mé ag ullmhú anois do mo rogha poist.

—
Liam Gillespie,
iarmhac léinn PLC i gColáiste an Eargail;
chuaigh sé ar aghaidh le tabhairt faoi
Bhaitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht

Ba é an PLC an cinneadh ab fhearr a rinne mé riamh toisc gur chéim chun tosaigh a bhí ann le fostaíocht lánaimseartha a fháil. Fuair mé scileanna agus eolas a úsáidim go dtí an lá inniu. Bhí na teagascóirí ar fheabhas; chumasaigh siad na mic léinn le feidhmiú as a stuaim féin agus a mbunscileanna a úsáid.

—
Paddy Kelly,
iarmhac léinn PLC i gColáiste Ghleann na Finne; d'éirigh leis post a fháil sa Rannóg Riaracháin in ETB Dhún na nGall,
Leitir Ceanainn

I rith bhliain na hArdteistiméireachta, ní raibh mé cinnte faoin chúrsa oideachais tríú leibhéal ba chóir dom a dhéanamh. I ndiaidh dom comhairle mhaith a fháil ó mo Threoirchomhairleoir chuaigh mé isteach sa chúrsa PLC Spóirt agus Áineas i gColáiste an Eargail in 1997. Ní gá a rá go raibh sé seo ar cheann de na cinntí ab fhearr a rinne mé. Chomh maith le léargas luachmhar a fháil ar Chothú Spóirt, ar Oiliúint agus ar Bhainistíocht, chuir an cúrsa go mór le mo chuid féinmhuiníne agus le mo scileanna cumarsáide. Bhí an bhliain bhreise thar a bheith luachmhar maidir le mo bhealach isteach i saol na hOllscoile agus m'iarratas i dtreo Scoláireacht Spóirt 3 bliana in OÉ Gaillimh a bronnadh orm in 1998. Mar

mhúinteoir iar-bhunscoile is féidir liom a rá go hionraic gur chuir na múinteoirí i gColáiste an Eargail, ní hamháin an caighdeán oideachais is airde ar fáil, ach gur ghníomhaigh siad fosta mar eiseamláirí iontacha don chonair ghairme a roghnaigh mé. Mar dhuine atá an-phaiseanta agus an-ghníomhach i réimse an spóirt mholfainn an cúrsa sin go mór do mhac léinn ar bith.

—
Maureen O'Donnell,
iarmhac léinn PLC i gColáiste an Eargail;
Múinteoir i gColáiste na Daoile, Ráth Bhoth

▶ Déan teagmháil linn

Is féidir breis eolais ar ár gcúrsaí FET, lena n-áirítear PLCanna, a fháil ar www.donegaletb.ie/further-education-training/course-finder/

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ar go leor cúrsaí **FET** ETB Dhún na nGall trí www.donegaletb.ie/further-education-training/course-finder/, fríd an CAO - <https://www.cao.ie/options> (ó mhí na Samhna gach bliain) nó is féidir leat iarratas a dhéanamh go díreach chuig ár n-ionaid PLC:

— Michelle O'Reilly, Comhordaitheoir PLC, Coláiste Eargail,
Leitir Ceanainn
T. 074 9121047
E. michelleoreilly@donegaletb.ie
www.errigalcollege.ie



— Kathleen Boland, Comhordaitheoir PLC, Coláiste Ghleann na Finne,
Srath an Urláir
T. 074 9131684
E. kathleenboland@donegaletb.ie
www.finnvalleycollege



— Sharon Stevenson, Comhordaitheoir PLC, Gairmscoil Chaitríona,
na Cealla Beaga
T. 074 9731491,
E. sharonstevenson@donegaletb.ie
www.stcatherinesvs.com



www.donegaletb.ie/plc

